Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

30 Márta 2023 || Eagrán 140

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.

Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!

BORD IASCAIGH MHARA I gCOLÁISTE CHOLMCILLE

Tá borradh mór faoi chúrsaí mara faoi láthair. Tháinig oibrithe de chuid Bhord Iascaigh Mhara agus a gciansheomra chuig Coláiste Cholmcille le linn na seachtaine. Fuair scoláirí na hIdirbhliana agus na cúigiú bliana an deis páirt a ghlacadh i gceardlann éagsúla a bhí faoi stiúir shaineolaithe na hearnála. Rinneadh cur i láthair ar fheirmeoireacht phlandaí agus ainmhithe uisce. Labhair aíonna ó Uisceadáin na Gaillimhe faoi chineálacha feamainne agus an tábhacht eacnamaíochta atá ann leis an bhfeamainn. Labhair Sinéad Ní Fhátharta faoi shuíomh tástála mhara 'SmartBay', faoi thodhchaí na farraige agus na poist nua atá cruthaithe san earnáil dá bharr.

Is acmhainn nádúrtha luachmhar í an fharraige agus b'iontach an deis a bhí ann do dhaltaí foghlaim faoi na deiseanna atá san earnáil go háirithe nuair atá an fharraige ag leic an dorais againn, i gCois Fharraige.

BIM Ireland's Seafood Development Agency

Eolas - Solas an tSaoil

Coláiste Cholmcille

GAELCHARA 2023

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar chainteoirí Gaeilge líofa, nó cainteoirí dúchais, chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge le páirt a ghlacadh sa chéad bhabhta eile den scéim *Gaelchara*. Is éard atá i gceist leis an scéim ná go gcuirtear cainteoir dúchais/líofa le chéile le foghlaimeoir - casann an bheirt le chéile, ar bhonn sóisialta, go rialta leis an nGaeilge a labhairt. Tugann an scéim deis d'fhoghlaimeoirí níos mó Gaeilge a úsáid, agus a fhoghlaim. Tugann an scéim deis do chainteoirí líofa/dúchais na scileanna teanga atá acu, chomh maith leis an saibhreas teanga atá acu a chur ar aghaidh go duine éigin eile, atá ag cur futhu sa bpobal. Iarrtar ar an bpéire casadh le chéile go rialta thar trí mhí, nó ar feadh 30 uair an chloig - cibe sprioc a bhaintear amach ar dtús! Ag deireadh na scéime, cuirtear €250 an duine ar fáil don fhoghlaimeoir agus don chainteoir dúchais/líofa. Chomh maith le sin, tagann na 'Gaelchairde' uilig le chéile ag deireadh na scéime leis an obair agus éacht atá bainte amach acu a cheiliúradh ar bhonn sóisialta. Bronnfar teastais ar na rannpháirtithe ag an ócáid freisin. Is féidir clárú don scéim leat féin - mar fhoghlaimeoir nó mar 'mheantóir', nó is féidir clárú le chéile, mar phéire. An t-aon choinníoll a bhaineann leis an scéim ná nach bhfuil aon ghaol fola nó pósta idir an bheirt. Ba bhreá linn cloisteáil ó chainteoirí líofa, chainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí le páirt a ghlacadh sa scéim i mbliana. Go dtí seo tá dhá scór duine 'théis an scéim a dhéanamh linn agus aiseolas thar a bheith dearfach faighte againn uathu - agus roinnt cairde nua déanta fiú! Is féidir tuilleadh eolais a fháil, nó clárú don scéim ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

GAELCHARA

– CHOIS FHARRAIGE –

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?
Ar mhaith leat cuidiú le duine eile a gcuid Gaeilge a fheabhsú?
An bhfuil cónaí ort i gCois Fharraige?

Tá tú uainn!!
Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar
(a) **fhoghlaimeoirí Gaeilge**
(b) **chainteoirí líofa Gaeilge**
le bheith páirteach sa scéim **Gaelchara**

Oibreofar in éindí lena chéile, leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal.

Bronnfar **€250** an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an meantóir.

Tá tuilleadh eolais agus an fhoirm iarratais ar fáil ó:
optchoisfharraige@gmail.com nó **083 010 6294**

BÍGÍ AG LÉAMH

Is scríbhneoir inniúil é Tadhg Mac Dhonnagáin a bhfuil go leor bainte amach aige i saol na Gaeilge. Tháinig sé isteach ar cuairt chuig Coláiste Chroí Mhuire ar 27 Márta mar chuid den togra Lá na nÚdar Eorpach a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach. Labhair sé le daltaí na 5ú bliana faoina leabhar nua 'Madame Lazare'.

Luaigh Tadhg go mbíodh a dheaide ag insint scéalta agus gur ó cheann dá chuid scéalta a tháinig bunús an úrscéil seo. Léigh sé cúpla sliocht ón leabhar dúinn agus caithfidh mé a rá go mbeadh an-suim agam an leabhar a léamh agus bhí mo chuid cairde ar aon intinn liom. Is léir go bhfuil luí aige le litríocht na Gaeilge agus ní raibh aon iontas orm nuair a chuala mé go raibh aitheantas speisialta faighte ag an leabhar ag Duaiseanna Litríochta an Aontais Eorpaigh 2022. Tá an t-úrscéal aistrithe go hEastónach cheana féin agus caint ann an leabhar a aistriú go cúpla teanga eile. Tá sé iontach an Ghaeilge a fheiceáil dá cur chun cinn ag comórtais agus féilte thart timpeall an domhain agus ardaíonn sé mo chroí nuair a fheicim go bhfuil an t-aitheatas seo dá fháil aici.

Le Labhaoise Ní Bhéarra (Bliain 5)

COMÓRTAS SCILEANNA GAIRME

Tá Comórtas Scileanna Gairme AIB á reáchtáil faoi láthair. Is comórtas de chuid 'SaolOibre' atá ann, le tacaíocht ó COGG agus AIB. Tá an comórtas dírithe ar dhaltaí na hidirbhliana, Bliain 5 agus Bliain 6, atá tréimhse taithí oibre déanta acu. Is í aidhm an chomórtais ná deis a thabhairt do dhaltaí léargas agus cur síos a thabhairt ar an tréimhse taithí oibre a rinne siad - is féidir cuntas scríofa nó físe a chur le chéile. Don chomórtas seo, déanann scoláirí machnamh ar na scileanna a d'fhorbair siad i rith a dtaithí oibre, míníonn siad conas a chabhróidh na scileanna sin leo ina gcuid gairmeacha amach anseo agus tugtar deis iontach do scoláirí machnamh a dhéanamh ar bhuntáiste na Gaeilge sa saol oibre. Tá duaiseanna iontacha le buachan ag na scoláirí – ina measc, ríomhaire glúine MacBook Air, ceamara GoPro agus a lán eile. Anuas air sin, tá €1,000 ar fáil do scoileanna dá gclár scoile – (Treoir/Idirbhliain/Ardteist Fheidhmeach nó Gairmchlár na hArdteiste). Tá gach eolas ar fáil ó saoloibre.ie agus www.cogg.ie Is féidir breis eolais a fháil faoin gcóras iarratais anseo: https://cc.careersportal.ie/pdfs/competition/irish-ty.pdf Glacfar le hiarratais go dtí 20 Aibreán.

AIB

COMÓRTAS SCILEANNA GAIRME

Le CareersPortal

Spriocdháta:
31ú Márta 2023

AN BHFUIL NA SCILEANNA AGAT?

An dalta **Idirbhliana**, **Gairmchlár Ardteiste (LCVP)**, **Ardteiste Feidhmí (LCA)** nó **Ardteiste** tú?

An bhfuil **Taithí Oibre** déanta agat?

Inis dúinn faoi na Scileanna Gairme a d'aimsigh tú i rith do chuid Taithí Oibre agus féadfaidh tú duaiseanna iontacha a bhuachan, ina measc ríomhairí glúine **MacBook Air**, **Ceamaraí GoPro** agus **€1,000 do do scoil!**

Baineann an comórtas iontach seo le do chuid Taithí Oibre agus tugann sé luach saothair do Thaighde Ghairme. Tabharfaidh sé deis duit machnamh a dhéanamh ar na Scileanna Gairme a d'fhorbair tú agus a thaispeáint conas a d'fhéadfadh na scileanna seo dul chun tairbhe duit i do ghairm amach anseo.

Catagóirí Duaiseanna Nua Iontacha ann do 2023.

Tá na sonraí ar fad faoin gcomórtas le fáil ar
www.careersportal.ie/school

TAITHÍ OIBRE + **TUAIRISC** SCILEANNA + **TAIGHDE** GHAIRME = **COMÓRTAS**

GLACTAR LE VLOG NÓ LE HIARRATAIS CHLÓSCRÍOFA I MBÉARLA NÓ I NGAEILGE.

AG BUN NA CROISE

Beidh ócáid shollúnta, mhachnamhach ar bun i gCill Éinde sa Spidéal ar Dhomhnach an Iúir, 2 Aibreán ag 7.30 i.n. Le roinnt blianta anuas tagann Cór na Croise Naofa, sin cór an tséipéil sa Spidéal, le chéile ag bun Ardchrois an Spidéil leis na hamhráin dhúchasacha a bhaineann le tréimhse na Cásca a chasadh. Cé go mbíonn neart searmanas eaglasta ar siúl ó Dhéardaoin Naofa go Domhnach Cásca ní minic a bhíonn deis ar fáil leis na hiomainn thraidisiúnta a chasadh ina n-iomláine agus ní bhíonn deis ag an bpobal dá réir sin na seoda ceoil, filíochta agus urnaí a seachadhadh chugainn thar na glúnta a chloisteáil i suíomh socair, ciúin. An pobal féin a eagraíonn an ócáid seo agus cuirfear na múrtha fáilte roimh mhuintir na Gaeilge, an pobal ó Bhearna go Carna go háirithe chuig an ócáid ar leith seo. Sa mbliain 2015 a cuireadh Ardchrois an Spidéil isteach le taobh na haltóra i gCill Éinde. Seo an saothar ealaíne is deireanaí a cuireadh isteach i gCill Éinde, seipeál a bhfuil cáil naisiúnta air de bharr feabhas a dheartha agus ilghnéitheacht na healaíne atá suite ann. Crois snoite as cloch éibhir í an Ardchrois a dhear an dealbhóir cáiliúil, Imogen Stuart.

COMÓRTAS LITEARTHA AN OIREACHTAIS

Tá an tOireachtas ag glacadh anois le hiarratais do Chomórtais Liteartha an Oireachtais 2023. Tá tríocha haon (31) comórtas ar chlár na bliana seo – cúig déag (15) acu sin dírithe ar scríbhneoirí fásta agus sé déag (16) dírithe ar scríbhneoirí óga. Tá réimse leathan seánraí ar an siollabas comórtais: úrscéal; gearrscéal; ficsean d'fhoghlaimeoirí fásta; prós; filíocht; iriseoireacht; greannán; agus drámaíocht ina measc. Cuirfear duaischiste ar fáil do gach comórtas agus níos tábhachtaí fós, cuirfidh an painéal moltóirí aiseolas luachmhar ar fáil do na scríbhneoirí ar a gcuid saothar – aiseolas a chabhróidh le forbairt, bláthú agus scileanna scríbhneoireachta na scríbhneoirí. Is féidir iarratas a chur isteach ar líne ag an nasc seo: www.antoireachtas.ie nó is féidir cóip den fhoirm iarratais a fháil ó Oifig an Oireachtais agus í a sheoladh chuig: Comórtais Liteartha an Oireachtais 2023, Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe, H91 XP6E. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Sathairn 1 Iúil 2023.

AN FHÉILE SCOILDRÁMAÍOCHTA

Bhí an-rath ar Chraobh Chonnacht den Fhéile Scoildrámaíochta a bhí ar bun i Seanscoil Sailearna an tseachtain seo caite. Beidh neart gasúir as Cois Fharraige ag tabhairt aghaidh ar an Muileann gCearr don Fhéile Náisiúnta mar gur ainmníodh sé dhráma as an gceantar le dul chuig an gcraobh náisiúnta. Beidh na naíonáin agus Rang 1 as Scoil Cholmcille ar an Tulach ag léiriú “Níl Cuma na Caoi” agus léireoidh na naíonáin as Scoil Ros an Mhíl “Cochaillín Dearg”. Beidh Rang a 4 as Scoil Sailearna ag taisteal leis an dráma "Coilín an Chnoic". Ainmníodh an triú dráma as Scoil na Tulaí freisin: sin "Boithríní na Smaointe" ó Rang 5+6. Beidh dhá bhuíon ag taisteal ó Choláiste Chroí Mhuire: lucht na Céad Bhliana leis "An Chéad Dráma" agus léireoidh an tIdirbhliain "Bród". Ainmníodh Pádraig Ó Coisdealbha ó Scoil Sailearna mar an tAisteoir ab Fhearr (Buachaill) as páirt Chóilín i gCóilín an Chnoic. Ba é an dráma "Bród" ó Choláiste Chroí Mhuire scothléiriú na Féile. Treise leo ar fad!

STIÚIDEO Cuan

Féasta Ceoil an Spidéil '23

Spring Concert Series 2023

24.02 Téada
10.03 Líadan
17 & 18.03 Paddy Keenan
23.03 Slide
24.03 The Bonny Men
25.03 Skipper's Alley
06.04 Raw Bar Collective
07.04 Na Casaidigh
20.04 Altan
21.04 T With The Maggies
19.05 Cherish The Ladies

www.stiuideocuan.ie

An Spidéal, Co na Gaillimhe

GRADAM EILE DO MHARY BERGIN

Tabharfar ómós ar leith don cheoltóir iomráiteach Mary Bergin le linn Scoil Samhraidh Willie Clancy na bliana seo i gContae an Chláir. Is máistir ar an bhfeadóg stáin í Mary, bean atá ina cónaí sa Spidéal le dhá scór bliain anois nach mór. Is iomaí sin taifeadadh agus foilseachán ag Mary mar cheoltóir aonair agus i gcomhar le daoine eile. Aithnítear go dlúth í le Dordán. Tá gean ar leith ag aos ceoil Chois Fharraige ar Mhary agus is í a chur tús le turas ceoil neart ceoltóirí sa gceantar mar mhúinteoir ceoil sa bpobal le fada an lá. Tá mír bhreá faoi Mhary ar shuíomh Thaisce Chois Fharraige, ach 'Mary Bergin' a chuardach. Beidh an ócáid ar bun i Sráid na Cathrach ar an 4/7 faoi stiúir an cheoltóra, James Kelly. Comhghairdeachas le Mary!

SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA NA BHFORBACHA

Beidh seisiún amhránaíochta (gan tionlacan) ar siúl Tigh Phádraicín, sna Forbacha ar an Domhnach 16 Aibreán. Cuirfear tús leis an seisiún @ 8i.n. Chas amhránaithe le chéile Tigh Phádraicín le dhá mhí anuas le taitneamh a bhaint as an amhránaíocht agus an comhluadar freisin, ar ndóigh! Cuirfear soláistí ar fáil ar an oíche, buíochas le tacaíocht ó Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Fáilte roimh chách 's ná bíodh faitíos ar éinne an scéal a scaipeadh!

CONTEMPO SNA FORBACHA

Cuirfidh Ceathairéad ConTempo ócáid cheoil agus fhilíochta i láthair i seipéal Réalt na Mara sna Forbacha ar an Domhnach 2 Aibreán ag 3.30i.n. Ceol cáiliúil Cásca le Joseph Haydn atá fite le míreanna filíochta le Mark Strand a bheas sa machnamh Cásca seo. Tá cáil mhór ar an ngrúpa, ensemble cónaitheach de chuid Cónaitheacht Ceoil na Gaillimhe, as a gcuid saothair nuálacha agus iad i mbun ceoil san iarthar anois le os cionn scór bliain. D'iarr siad ar John Caulfield a bhfuil cónaí air sa Spidéal leagan Gaeilge a dhéanamh de shaothar Mark Strand agus thug siad cuireadh d'Aisteoirí an Spidéil a bheith i bpáirt leo don léiriú ar leith seo de na Seacht bhFocal Dheireanacha sna Forbacha. Tá an ócáid saor in aisce.